

Aonad a Trí

Saol na Scoile

3

San aonad seo


Foghlaimoidh tú conas:

- | | |
|--|--------------------------|
| ➤ seomraí na scoile a ainmniú agus labhairt fúthu | 1.11, 1.15, 1.16, 1.19 |
| ➤ rudaí a chomhaireamh i gceart | 1.13, 2.1 |
| ➤ labhairt agus scríobh faoi do chuid ábhar scoile | 1.13, 1.14, 1.15, 1.19 |
| ➤ briathra na Gaeilge san aimsir láithreach a aithint agus a úsáid i gceart | 2.3, 2.4 |
| ➤ cur síos a dhéanamh ar chlár ama scoile | 1.25, 1.26, 2.3 |
| ➤ cur síos a dhéanamh ar rialacha scoile | 1.13, 1.15, 1.19 |
| ➤ téacsanna Gaeilge faoi théama na scoile a léamh agus ceisteanna a fhreagairt orthu | 1.6, 1.7, 1.8, 1.9, 1.28 |

Gheobhaidh tú amach faoi:

- Scoileanna na mBard i stair na hÉireann 1.19, 2.6
- roinnt seanfhocal Gaeilge a bhfuil baint acu le saol na scoile 1.3, 1.13, 2.6, 3.6

Mo Phunann



- 3.1 Tasc cumarsáideach:** Déan cur i láthair ranga i gcomhar le (*in collaboration with*) do chomhpháirtí ar ábhair scoile i bhfoirm agallaimh. 1.12, 1.14, 1.15, 1.18, 1.19, 1.24, 1.25, 1.26, 1.28, 3.6
- 3.2 Tasc cumarsáideach:** Ceap rólimirt in éineacht le do chomhpháirtí a bheidh bunaithe ar rialacha na scoile. Léirígí í sa rang. 1.12, 1.14, 1.25, 1.26, 2.3, 2.4, 3.6
- 3.3** Scríobh litir phearsanta a mbeidh baint aici le téama na scoile. 1.25, 1.26, 1.28, 2.2, 2.3, 2.4, 3.6
- 3.4** Ceap scéal a mbeidh baint aige le téama na scoile. 1.25, 1.26, 2.3, 2.4, 3.6

Litríocht: 'Jeaic ar Scoil' le Dairena Ní Chinnéide

3.5 Ábhar taifeadta: Scríobh iontráil dialainne mháthair Jeaic an oíche sin tar éis dá mac a chéad lá a chaitheamh ar ais ar scoil. Ansin léirigh é le haisteoireacht do do ghrúpa oibre nó don rang. 1.12, 1.13, 1.14, 1.15, 1.19, 1.25, 1.26, 2.3, 2.4, 3.6

3.6 Tasc cumarsáideach (Taispeántas): Cuir dráma gearr atá bunaithe ar an dán 'Jeaic ar Scoil' i láthair an ranga in éineacht le roinnt daltaí eile.

1.12, 1.13, 1.14, 1.15, 1.19, 1.25, 1.26, 1.29, 2.3, 2.4, 3.6

3.7 Cum dán nó amhrán faoi théama na scoile.

1.14, 1.25, 1.26, 2.3, 2.4, 3.6

Saol na Scoile



ÁBHAR

A	Seomraí na scoile	132
B	Feasacht teanga: Ag comhaireamh rudaí.	136
C	Na hábhair scoile	139
D	Feasacht teanga: An aimsir láithreach – an chéad réimniú	143
E	Mo chlár ama	147
F	Feasacht teanga: An aimsir láithreach – an dara réimniú	149
G	Rialacha na scoile	152
H	Feasacht teanga: An aimsir láithreach – na briathra neamhrialta	155
I	Léamhthuiscintí	158
J	Ceapadóireacht	162
K	Litríocht: An dán 'Jeaic ar Scoil' le Dairena Ní Chinnéide	167
L	Feasacht chultúrtha: Scoileanna na mBard	174
	Súil Siar	176

A Seomraí na scoile



1. Éist

(a) 32 ▶ Éist leis na daoine éagsúla ag caint faoi sheomraí na scoile.



1

Is mise Jeaic. Ní maith liom é nuair a iarrtar orm dul go dtí oifig an phríomhoide nó go dtí oifig an rúnaí. Is é an seomra ceoil an seomra ranga is fearr liom mar tá sé geal agus spásmhar.

Is mise Bean Uí Shé. Is múinteoir corpoideachais mé. Caithim an-chuid ama leis na daltaí sa halla spóirt ar na páirceanna imeartha agus ar an raon reatha.



2



3

Is mise Kirsten agus taitníonn an adhmaadóireacht agus an Béarla go mór liom mar ábhair scoile. Mar thoradh air sin, is iad an seomra adhmaadóireachta agus an leabharlann na seomraí is fearr liom sa scoil.

Is mise an tUasal Ó Duinnín. Is múinteoir eolaíochta agus eacnamaíocht bhaile mé. Caithim mo lá scoile i saotharlann eolaíochta agus sa seomra eacnamaíocht bhaile.



4



5

Maidhc is ainm dom agus is airíoch scoile mé. Tá obair dheisiúcháin le déanamh agam inniu i seomra na ríomhairí, i seomra na múinteoirí agus sa seomra ealaíne.

Lorcán an t-ainm atá orm. Buailim le mo chairde gach maidin sa halla tionóil agus sa cheaintín ag am lóin. Imrímid cispheil ar na cúirteanna cispheile nuair a bhíonn an aimsir go deas.



6

- (b) Bí ag obair le do chomhpháirtí anois. Cuirigí na focail Ghaeilge a bhfuil líne fúthu sna téacsanna (1–6) thuas isteach sa ghreille Bhéarla/Ghaeilge thíos. Níl na focail Bhéarla san ord ceart.

	Béarla	Gaeilge		Béarla	Gaeilge
1.	Library		9.	Principal's office	
2.	Home economics room		10.	Computer room	
3.	Sports hall		11.	Science lab	
4.	Secretary's office		12.	Art room	
5.	Woodwork room		13.	Playing fields/ pitches	
6.	Assembly hall		14.	Basketball courts	
7.	Running track		15.	Staff room	
8.	Music room		16.	Canteen	

2. Tasc duitse

Téigh chuig www.foclóir.ie agus cuardaigh na focail seo a leanas a luaigh na daoine sna giotáí cainte: (a) oifig (b) adhmaadóireacht (c) airíoch.

Cliceáil ar **C M U** agus cloisfidh tú na trí fhocal á bhfuaimniú sna canúintí difriúla.

Iarr ar do chomhpháirtí na focail a rá agus ansin abair tú féin iad.

Cuardaigh, agus abair, cúpla focal/nath eile atá luaite sna giotáí cainte ar www.foclóir.ie in éineacht le do chomhpháirtí.

3. Léigh é!

- (a) Léigh an cuntas seo a leanas agus déan na cleachtaí a ghabhann leis.

ADANNA JAMGBADI

Haigh, a chairde! Adanna Jamgbadi is ainm dom agus táim cúig bliana déag d'aois. Táim ag freastal ar Choláiste Pobail de hÍde agus scoil mhór is ea í gan aon agó. Tá **breis agus**



ocht gcéad dalta ag freastal uirthi agus tá níos mó ná seasca múinteoir ag múineadh inti. Sílim go bhfuil na múinteoirí an-tuisceanach agus **spreagúil**. Cabhraíonn na cinnirí leis na múinteoirí oiread agus is féidir leo.

Is scoil dhá stór í. Tá oifig an phríomhoide, halla tionóil, neart seomraí ranga, seomraí eacnamaíocht bhaile, saotharlanna eolaíochta, ceantín agus halla spóirt den scoth ar an gcéad urlár. Tá oifig an leas-phríomhoide, seomra na ríomhairí, an leabharlann agus níos mó seomraí ranga, chomh maith le seomraí ealaíne agus ceoil, thuas staighre.

Is iomaí áis spóirt atá sa scoil agus moltar do gach dalta páirt a ghlacadh i gcluichí spóirt éagsúla. Mar a deir an seanfhocal, “Croí folláin i gcorp folláin”. Is duine spórtúil mé féin agus measaim go bhfuil na háiseanna spóirt ar fheabhas. Tá cúirteanna cispheile agus leadóige againn chomh maith le páirceanna imeartha atá suite in aice na scoile. Mar a luaigh mé **cheana**, tá halla spóirt den scoth againn chomh maith.

Tá áiseanna iontacha againn sna seomraí ranga. Tá clár bán agus clár beo i gcuid mhaith de na seomraí ranga anois chomh maith le ríomhairí glúine agus táibléid. Is aoibhinn liom féin agus le mo dhlúthchara Clár dul go dtí an leabharlann mar is í an léitheoireacht an caitheamh aimsire is fearr leis an mbeirt againn. Gach lá téim go dtí an ceantín ag am lóin agus buailim le Clár agus le mo chairde eile ann.

Bosca foclóra

breis agus: níos mó ná

spreagúil: encouraging

is iomaí: tá a lán / tá an-chuid

cheana: already

(b) Freagair na ceisteanna thíos.

1. Cá bhfuil Adanna ag dul ar scoil?
2. Cé mhead múinteoir atá ag múineadh i scoil Adanna?
3. Ainmnigh dhá sheomra atá thíos staighre sa scoil.
4. Cad a cheapann Adanna faoi áiseanna spóirt na scoile?
5. Ainmnigh dhá áis atá sna seomraí ranga.
6. Cad is ainm do dhlúthchara Adanna?
7. Cén t-alt sa sliocht thuas a dtagraíonn an abairt seo a leanas dó?
“Cuirtear béim mhór ar an spórt i scoil Adanna.”
8. Cad iad na cosúlachtaí agus na difríochtaí atá idir scoil Adanna agus do scoilse?

(c) Cum na ceisteanna a mbeadh na habairtí seo thíos oiriúnach mar fhreagraí orthu.

1. Cúig bliana déag
2. Breis agus ocht gcéad dalta
3. An-tuisceanach agus spreagúil
4. Thuas staighre
5. In aice na scoile
6. An ceaintín

(d) Lión na bearnaí trí úsáid a bhaint as na focail/na nathanna thíos:

1. Téim gach áit le _____.
2. Táim _____ scoil chuimsitheach sa bhaile mór.
3. Is _____ le mo dheartháir dul go dtí an linn snámha.
4. Is aisteoir den _____ i Jennifer Lawrence.
5. Buann foireann na scoile go leor cluichí mar tá an traenálaí _____.

aoibhinn – an-spreagúil – mo dhlúthchara
– scoth – ag freastal ar



4. Abair é!

Cuir na ceisteanna seo a leanas ar do chomhpháirtí.

- (a) Cé mhéad seomra atá sa scoil seo, meas tú?
- (b) An maith leat do sheomra ranga féin?
- (c) Cad iad na háiseanna spóirt atá sa scoil seo?
- (d) Cá ndéantar eolaíocht?
- (e) Cá mbuaileann na daltaí le chéile gach maidin?
- (f) Cá dtéann dalta nuair a bhíonn sé nó sí i dtrioblóid?
- (g) An raibh tú i seomra na múinteoirí riamh?
- (h) Cá n-itheann na daltaí a lón?
- (i) An dtéann tú go dtí leabharlann na scoile go rialta?

B Ag comhaireamh rudaí



1. Feasacht teanga

Nuair a bhímid ag comhaireamh rudaí, úsáidimid na bunuimhreacha neamhphearsanta (*impersonal cardinal numbers*). De ghnáth is é uimhir uatha an ainmfhocail a leanann an uimhir.

- ❖ Bíonn séimhiú, **h**, ar an ainmfhocal i ndiaidh na n-uimhreacha 1–6
- ❖ Bíonn **urú** ar an ainmfhocal i ndiaidh na n-uimhreacha 7–10.
- ❖ Ní bhíonn séimhiú ná urú ar an ainmfhocal i ndiaidh 20, 30, 40, 50, 60, 70, 80, 90, 100, 1,000, srl.



Ag comhaireamh rudaí a thosaíonn le consain, mar shampla, bád, capall, fuinneog:

- | | |
|--------------------------------------|---------------------------------------|
| 1. aon ch óipleabhar (amháin) | 11. aon ch óipleabhar déag |
| 2. dhá ch óipleabhar | 12. dhá ch óipleabhar déag |
| 3. trí ch óipleabhar | 13. trí ch óipleabhar déag |
| 4. ceithre ch óipleabhar | 14. ceithre ch óipleabhar déag |
| 5. cúig ch óipleabhar | 15. cúig ch óipleabhar déag |
| 6. sé ch óipleabhar | 16. sé ch óipleabhar déag |
| 7. seacht gc óipleabhar | 17. seacht gc óipleabhar déag |
| 8. ocht gc óipleabhar | 18. ocht gc óipleabhar déag |
| 9. naoi gc óipleabhar | 19. naoi gc óipleabhar déag |
| 10. deich gc óipleabhar | 20. fiche cóipleabhar |

Eisceachtaí/Exceptions: na consain **d**, **t** agus **s**.

Má thosaíonn an focal le **d**, **t** nó **s**, ní chuirtear séimhiú air i ndiaidh **aon**.

Mar shampla: aon deasc, aon teach, aon siopa.

Tabhair faoi deara!

De ghnáth, úsáidimid an uimhir uatha i ndiaidh uimhreacha sa Ghaeilge, mar shampla, trí chóipleabhar, seacht gcóipleabhar, naoi gcóipleabhar ach úsáidtear an uimhir iolra sa Bhéarla seachas an uimhir 'one'.



2. Éist!

- 33** ▶ Éist leis na habairtí seo a leanas agus cuir tic in aice leis na huimhreacha a chloiseann tú. Níl na huimhreacha go léir atá sa ghreille le cloisteáil. Tá an chéad cheann déanta duit.

1.		6.		11.		16.	
2.		7.		12.		17.	
3.		8.		13.		18.	
4.		9.	✓	14.		19.	
5.		10.		15.		20.	



3. Scríobh é!

(a) Líon na bearnaí thíos.

1. Tá dhá [siopalann] _____ sa bhaile sin.
2. Tá ceithre [cathaoir] _____ sa seomra suite.
3. Tá seacht [fuinneog] _____ sa seomra sin.
4. Bhí dhá [ceacht] _____ déag le déanamh againn mar obair bhaile.
5. Tá céad [pictiúr] _____ ar taispeáint sa dánlann ealaíne áitiúil.

(b) Líon na bearnaí trí úsáid a bhaint as na focail/na nathanna thíos.

1. Tá sé _____ i mála scoile an dalta sin.
2. Bhí aon _____ déag nua fógartha sa mhonarcha éisc.
3. Tá ceithre _____ déag le foghlaim againn don scrúdú Béarla.
4. Tá seacht _____ déag sa chontae sin.
5. Bhí ocht _____ déag le síniú ag an múinteoir ranga.

phost – **ndialann** – **théacsleabhar** – **dhán** – **gcaisleán**



4. Feasacht teanga

Ag comhaireamh rudaí a thosaíonn le consan:

- ❖ 1–6: Cuirtear séimhiú, **h**, ar an bhfocal.
Éisceachtaí (*exceptions*) ná consain l, n agus r.
- ❖ 7–10: Cuirtear **urú** ar an bhfocal, **mb**, **gc**, **nd**, **bhf**, **ng**, **bp** agus **dt**.

Ag comhaireamh rudaí a thosaíonn le guta:

- ❖ 1–6: Ní chuirtear aon rud ar an ainmfhocal. Mar shampla: dhá áit, cúig éan.
- ❖ 7–10: Cuirtear **n**- roimh an ainmfhocal. Mar shampla: seacht **n**-áit, naoi **n**-éan.

Má chríochnaíonn an t-ainmfhocal ar ghuta:

- ❖ Cuirtear séimhiú, **h**, ar an bhfocal **déag**.

- | | | |
|---|---------------------------------|--|
| 1. aon b hosca | 1. (aon) ábhar amháin | 1. aon oíche |
| 2. dhá b hosca | 2. dhá ábhar | 2. dhá oíche |
| 3. trí b hosca | 3. trí ábhar | 3. trí oíche |
| 4. ceithre b hosca | 4. ceithre ábhar | 4. ceithre oíche |
| 5. cúig b hosca | 5. cúig ábhar | 5. cúig oíche |
| 6. sé b hosca | 6. sé ábhar | 6. sé oíche |
| 7. seacht m bosca | 7. seacht n -ábhar | 7. seacht n -oíche |
| 8. ocht m bosca | 8. ocht n -ábhar | 8. ocht n -oíche |
| 9. naoi m bosca | 9. naoi n -ábhar | 9. naoi n -oíche |
| 10. deich m bosca | 10. deich n -ábhar | 10. deich n -oíche |
| 11. aon b hosca d héag | 11. aon ábhar déag | 11. aon oíche d héag |
| 12. dhá b hosca d héag | 12. dhá ábhar déag | 12. dhá oíche d héag |
| 17. seacht m bosca d héag | 17. seacht n -ábhar déag | 17. seacht n -oíche d héag |
| 20. fiche bosca | 20. fiche ábhar | 20. fiche oíche |
| 21. aon b hosca is fiche | 21. aon ábhar is fiche | 21. aon oíche is fiche. |



Téigh go dtí leathanach 477 chun breis eolais a fháil faoi roinnt eisceachtaí.



5. Abair é!

- (a) Aimsigh brí na n-ainmfhocail atá idir lúibíní ar dtús i d'fhoclóir. Ansin bain na lúibíní agus abair na huimhreacha agus an leagan ceart de na hainmfhocail a ghabhann leo os ard.

3 [eitleán] 7 [cóta] 9 [oileán] 13 [fáinne] 10 [eala] 20 [áit]
12 [fógra] 11 [íomhá] 2 [uirlis] 17 [tábla] 5 [óbó]

- (b) **34** ▶ Éist agus deimhnigh do chuid freagraí.
(c) Scriobh do chuid freagraí i do chóipleabhair anois.
(d) Lión na bearnaí thíos.

1. Tá [7 úllord] _____ ag an bhfeirmeoir sin.
2. Bhí [20 béile] _____ le hullmhú ag an gcócaire.
3. Tá [13 íomhá] _____ den bhaile sa taispeántas grianghraf sin.
4. Taitníonn [2 áit] _____ sa phríomhchathair liom.
5. Bhí [18 canna stáin] _____ sa bhosca bruscair.
6. Bhí [4 aiste] _____ le scríobh agam ag an deireadh seachtaine.

Na hábhair scoile



1. Éist!

- (a) **35** ▶ Éist leis na comhraite gearra agus cuir tic in aice leis na hábhair scoile a luann na daoine éagsúla. Tá an chéad duine déanta duit.

Ábhar scoile	Cóilín	Daire	Amélie	Charlotte	Róise	Garbhán
Stair						
Gaeilge	✓					
Tíreolaíocht	✓					
Adhmadóireacht						
Matamaitic						
Spáinnis						
Ealaín						



Corpoideachas						
Teagasc Creidimh						
Staidéar Gnó						
Eolaíocht						
Fraincis						
Eacnamaíocht						
Bhaile						
Grafaic Theicniúil						

(b) Cuir do chuid freagraí i gcomparáid le freagraí do chomhpháirtí anois.

Nóta faoi na canúintí

Baineadh úsáid as an nath 'ach an oiread/either' i gceann de na comhráite gearra a chuala tú. Cloistear an nath seo i gcanúint Chonnacht agus i gcanúint na Mumhan ach deirtear 'ach oiread' i gcanúint Uladh.



2. Obair bheirte

Bí ag obair le do chomhpháirtí anois agus meaitseáil na focail Ghaeilge leis na focail Bhéarla.

1.	Béarla	A.	CSPE
2.	Germáinis	B.	Italian
3.	Líníocht Mheicniúil	C.	Materials Technology
4.	Miotalóireacht	D.	Classical Studies
5.	Laidin	E.	German
6.	Ceol	F.	Mechanical Drawing
7.	Léann Clasaiceach	G.	English
8.	Teicneolaíocht Ábhar	H.	Metalwork
9.	Iodáilis	I.	Latin
10.	Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil	J.	Music

1.	2.	3.	4.	5.	6.	7.	8.	9.	10.



3. Rólimirt

- (a) **36** ▶ Éist leis an rólimirt. Buailéann triúr daltaí le chéile agus tosaíonn siad ag caint lena chéile faoi na tuairiscí scoile atá faighte acu do scrúduithe na Nollag.

JARED: Ní raibh mo thuairisc scoile **thar mholadh beirte**. Theip orm sa Bhéarla agus sa Ghearmáinis arís. Bhí mo thuismitheoirí ar buile liom. Cad fútsa, a Sheóna?

SEÓNA: Bhuel, d'éirigh go maith liom sna scrúduithe agus fuair mé **ardmholadh** ó na múinteoirí go léir.

AODÁN: An gcreidfeá é? Dúirt an múinteoir Béarla go mbím **corrthónach** sna ranganna. Theip orm sa mhataimaitic freisin.

JARED: Is ábhar deacair é an Béarla agus is duine crosta í an múinteoir matamaitice.

SEÓNA: Níl sé sin fíor ar chor ar bith, a Jared. Is duine cabhrach **spreagúil** í ach bíonn tusa ag caint le hAodán gan stad gan staonadh agus bíonn sí **réidh le ceangal** dá dheasca sin!

AODÁN: Éist le peata an mhúinteora! Tá a fhios ag gach duine gur **tiarálaí** ceart tusa agus go mbíonn tú ag staidéar o dhubh go dubh.

JARED: Lig di, a Aodán! Tá an ceart ag Seóna agus b'fhéidir go bhfuil sé in am don bheirt againn **luí isteach ar an obair** nó is dúinne is measa!

SEÓNA: Cabhróidh mé libh, a bhuachaillí. Is goibhinn liom Béarla agus Gearmáinis agus táim go maith ag an matamaitic freisin. Tabharfaidh mé mo chuid nótaí daoibh.

AODÁN: Nár laga Dia thú, a Sheóna.

- (b) Bí ag obair le beirt daltaí eile anois agus glacaigí na ról éagsúla.

- (c) Freagair na ceisteanna seo a leanas.

1. Cén fáth a raibh thuismitheoirí Jared ar buile leis?
2. Cad a fuair Seóna óna cuid múinteoirí?
3. Cad a dúirt an múinteoir Béarla faoi Aodán?
4. Cén sórt duine í an múinteoir matamaitice, dar le Jared?
5. Cad a thugann Aodán ar Sheóna? Is leor pointe **amháin** a lua.
6. Cad a thabharfaidh Seóna do na buachaillí?

- (d) Cum na ceisteanna a mbeadh na nathanna seo thíos oiriúnach mar fhreagraí orthu.

- | | |
|--------------------------|----------------------------|
| 1. A thuismitheoirí | 4. Is ábhar deacair é |
| 2. D'éirigh go maith léi | 5. Cabhrach agus spreagúil |
| 3. Sa mhataimaitic | 6. Cabhróidh sí leo |

- (e) Fíor nó bréagach?

- | | | |
|---|--------------------------|--------------------------|
| 1. Theip ar Jared sa Ghaeilge agus sa Bhéarla. | ☐ | ☐ |
| 2. Bíonn Aodán corrthónach sa rang Béarla. | ☐ | ☐ |
| 3. Ní bhíonn Jared ná Aodán ag caint sa rang matamaitice. | ☐ | ☐ |

Fíor Bréagach

☐	☐
☐	☐
☐	☐

Bosca foclóra

thar mholadh beirte:

not praiseworthy

ardmholadh: high praise

corrthónach: fidgety

spreagúil: encouraging

réidh le ceangal: fit to be tied/ar buile

tiarálaí: swot

luí isteach ar an obair:

get down to work

4. Tá sé in am do Jared agus d'Aodán lui isteach ar an obair. ☐ ☐
5. Is aoibhinn le Seóna ceol agus Francis. ☐ ☐

Nóta faoi na canúintí

Dúirt Jared 'Ní raibh mo thuairisc scoile thar mholadh beirte'. Cloistear an fhoirm dhiúltach 'ní' i gcanúint Chonnacht agus i gcanúint na Mumhan. Baintear úsáid as an bhfocal 'cha' agus 'chan' in ionad 'ní' (agus 'char' in ionad 'níor') i gcanúint Uladh, i.e. 'Cha raibh mo thuairisc scoile thar mholadh beirte'.



4. Abair é!

- (a) Féach ar an liosta d'aidiachtaí agus abair le do chomhpháirtí cé acu is oiriúnaí do na hábhair éagsúla atá á ndéanamh agatsa.

Tá an t-ábhar X . . .

simplí – simple

deacair – difficult

éasca – easy

úsáideach – useful

tábhachtach – important

praiticiúil – practical

suimiúil/spéisiúil – interesting

casta – complicated

dúshlánach – challenging

Is maith liom / is breá liom / is aoibhinn liom – I like / I really like

Is fearr liom . . . ná ábhar scoile ar bith eile mar . . . – I prefer . . . to any other school subject because . . .

Níl mé go maith chuig . . . – I'm not good at . . .

Tá . . . deacair domsa – I find . . . difficult

Éiríonn go maith liom sa(n) . . . – I do well at . . .

Teipeann orm sa(n) . . . – I fail . . .

- (b) Cuir na ceisteanna seo a leanas ar do chomhpháirtí.

1. Cén t-ábhar is fearr leat? Cén fáth?
2. An bhfuil aon ábhar ann nach maith leat? Cén fáth?
3. Cad iad na hábhair atá agat inniu?
4. An bhfaigheann tú a lán obair bhaile sna hábhair dhifriúla?



Mo Phunann

3.1 Tasc cumarsáideach: Déan cur i láthair ranga i gcomhar le (*in collaboration with*) do chomhpháirtí ar ábhair scoile i bhfoirm agallaimh.

D An aimsir láithreach – an chéad réimniú



1. Feasacht teanga

Úsáidtear an aimsir láithreach nuair atá tú ag caint faoi rudaí atá ag tarlú anois nó faoi rudaí a tharlaíonn go minic, mar shampla gach lá, gach seachtain, gach bliain.

For regular verbs (**briathra rialta**) there are two branches (**réimniú**) of verbs:

1. **An Chéad Réimniú** – Briathra le siolla amháin (can, fan, caith, éist) nó briathra le níos mó ná siolla amháin a bhfuil síneadh fada sa siolla deireanach (tiomáin, úsáid, sábháil).
2. **An Dara Réimniú** – Briathra le níos mó ná siolla amháin (tosaigh, cóirigh, ullmhaigh, codail).

AN CHÉAD RÉIMNIÚ – BRIATHRA LEATHANA LE SIOLLA AMHÁIN

Tá na gutaí **a, o** agus **u** leathan. Má tá **a, o** nó **u** roimh an gconsan deiridh sa bhriathar, tá an briathar féin leathan, mar shampla, **fág, pós, dún**.



2. Obair bheirte

- (a) Bí ag obair le do chomhpháirtí anois agus meaitseáil na briathra 1–6 leis na briathra A–F.

1.	cas	A.	pay	1.	
2.	díol	B.	promise	2.	
3.	geall	C.	marry	3.	
4.	íoc	D.	turn	4.	
5.	pós	E.	follow	5.	
6.	lean	F.	sell	6.	

- (b) **37** ▶ Éistigí agus seiceálaigí bhur gcuid freagraí.